

- 6) Ar bhonn níos ginearálta, an gcuirtear cosc le hAirteagal 49 agus le hAirteagal 56 CFAE agus prionsabail na deimhneachta dlíthiúla agus na héifeachtachta dlíthiúla agus prionsabal na cosanta d'ionchais dhlisteanacha ar reachtaíocht náisiúnta amhail an reachtaíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí, lena bhforáiltear go n-íocfaidh oibreoirí hallaí biongó táille costasach ar shíneadh teicniúil go míosúil nach bhforáiltear dó sna doiciméid lamháltais bhunaidh, den mhéid céanna do gach cineál oibreora agus arna leasú ó am go ham ag an reachtas gan aon nasc cruthaithe le saintréithe ná le forbairt an chaidrimh lamháltais aonair?

⁽¹⁾ IO 2014 L 94, lch. 1.

⁽²⁾ Treoir 89/665/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1989 maidir le comhordú na bhforálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin a bhaineann le cur i bhfeidhm nósanna imeachta athbhreithniúcháin chun conarthaí soláthair phoiblí agus oibreacha poiblí a dhámhachtain (IO 1989 L 395, lch. 33).

Iarraidh ar réamhrialú ón Consiglio di Stato (an Iodáil) arna taisceadh an 24 Samhain 2022 — Coral Srl v Ministero dell'Economia e delle Finanze, Agenzia delle Dogane e dei Monopoli

(Cás C-730/22)

(2023/C 94/18)

Teanga an cháis: an Iodáilis

An chúirt a rinne an tarchur

Consiglio di Stato

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Achomharcóir: Coral Srl

Freagróirí: Ministero dell'Economia e delle Finanze, Agenzia delle Dogane e dei Monopoli

An cheist a tharchuirtear

An gcuirtear cosc le Treoir 2014/23/AE, ⁽¹⁾ a mhéid a mheastar í a bheith infheidhme, agus, in aon chás, na prionsabail ghinearálta a eascraíonn ó Airteagail 26, 49, 56 agus 63 CFAE, arna léiriú agus arna gcur i bhfeidhm le cásdlí na Cúirte Breithiúnais, agus aird ar leith á tabhairt ar an toirmeasc ar idirdhealú, ar phrionsabal na comhréireachta agus ar chosaint na hiomaíochta agus ar shaorghluaiseacht seirbhísí agus caipitil, ar chur i bhfeidhm rialacha náisiúnta faoina bhféadfaidh an reachtas náisiúnta nó an t-údaráis poiblí, le linn an “tsínidh theicniúil”, mar a thugtar air, a rinneadh a athnuachan roinnt uaireanta le deich mbliana anuas, i réimse na lamháltas cearrbhachais, difear a dhéanamh go haontaobhach don chaidreamh leanúnach tríd an oibleagáid a thabhairt isteach táillí lamháltais a íoc, nach raibh dlite ar dtús, agus ina dhiaidh sin na táillí céanna a mhéadú roinnt uaireanta, agus iad a shocrú i gcónaí ar bhonn seasta do gach lamháltóir beag beann ar láimhdeachas, agus trí shrianta breise a chur ar ghníomhaíochtaí lamháltóirí amhail an toirmeasc ar áitreabh a aistriú agus coinníoll a fhorchur chun páirt a ghlacadh sa nós imeachta amach anseo maidir le lamháltais a ath-leithdháileadh go nglacfaidh oibreoirí páirt sa síneadh?

⁽¹⁾ Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO 2014 L 94, lch. 1).

Iarraidh ar réamhrialú ón Bundesverwaltungsgericht (an Ostair) a taisceadh an 25 Samhain 2022 – IJ und PO GesbR, IJ v Agrarmarkt Austria

(Cás C-731/22)

(2023/C 94/19)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

An chúirt a rinne an tarchur

Bundesverwaltungsgericht

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: IJ und PO GesbR, IJ

Cosantóir: Agrarmarkt Austria

An cheist a tharchuirtear

An gcaithfear Airteagal 4(1)(b) agus (c), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 33(1), de Rialachán 1307/2013 ⁽¹⁾ a léiriú sa chaoi nach mór a mheas go bhfuil limistéar á bhainistiú ag feirmeoir agus go bhfuil sé ar fáil dó más leis an bhfeirmeoir an limistéar sin agus má thugann sé freisin faoin gcéad churadóireacht, faoin saothrú agus faoi uisciú rialta na mbarr, cé go bhfuil an limistéar, roinnte i ndáileachtaí de mhéideanna éagsúla, tugtha ar tháille sheasta, ó thús an tséasúir in Aibreán/tús mhí na Bealtaine go dtí deireadh an tséasúir i mí Dheireadh Fómhair, do roinnt úsáideoirí chun é a chothabháil agus an fómhar a bhaint, gan an feirmeoir a bheith rannpháirteach go díreach i bhfairsinge an fhómhair?

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le hÍocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle (IO 2013 L 347, lch. 608).

Iarraidh ar réamhrialú ón Oberster Gerichtshof (an Ostair) a taisceadh an 29 Samhain 2022 – Republik Österreich v GM

(Cás C-734/22)

(2023/C 94/20)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

An chúirt a rinne an tarchur

Oberster Gerichtshof

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Achomharcóir ar phointe dlí: Republik Österreich

Freagróir ar an achomharc: GM

Na ceisteanna a tharchuirtear

1. An bhfuil Airteagal 3 de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ⁽¹⁾ infheidhme go díreach maidir le héilimh ina n-iarrann Poblacht na hOstaire cabhair a dheonaigh sí de réir conartha d'íarratasóirí ar mhaoiniú faoi chlár cabhrachagraí-chomhshaoil de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ⁽²⁾ a aisghabháil trí leigheasanna de chuid an dlí phríobháidigh toisc gur sháraigh faighteoir na cabhrach oibleagáidí conarthacha?
2. I gcás go dtabharfar freagra dearfach ar Cheist 1, an gcaithfear an tríú fomhír d'Airteagal 3(1) den Rialachán dá dtagraítear i gCeist 1 a léiriú sa chaoi go bhfuil idirbhriseadh freisin sa tréimhse theorann de bharr imscrúduithe nó imeachtaí dlí i gcás ina n-iarrann an páirtí a thug an chabhair, tar éis an chéad iarratas seachbhreithiúnach i leith éileamh ar aisíocaíocht, ar fhaighteoir an deontais arís, roinnt uaireanta más iomchuí, an chabhair a aisíoc agus ina dtugann sé fógra rabhaidh go seachbhreithiúnach seachas a éileamh ar aisíocaíocht a dhéanamh sna cúirteanna?
3. I gcás go dtabharfar freagra diúltach ar Cheist 1, an bhfuil cur i bhfeidhm thréimhse theorann 30 bliain dá bhforáiltear sa dlí sibhialta náisiúnta i leith na n-éileamh ar aisíocaíocht i gCeist 1 i gcomhréir le dlí an Aontais, go háirithe prionsabal na comhréireachta?

⁽¹⁾ Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO 1995 L 312, lch. 1).

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2005 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) (IO 2005 L 277, lch. 1).